Cré

Baí *Maria* ag súil lana hoíche airneáin, óir do thug an Bhean Tís cead imeachta dhi a thúisce is a bheadh tae na mban críochnaithe. Baí an chistin glan sciúrtha: dúirt an cócaire go bhfeicfeá scáil t'aghaidh isnaibh coiribh umha. Baí tine bhreá bhríomhar ar lasadh agus bádar cheithre bhairín breac ollmhór ar chionn dena taobh-bhordaibh. Shílfeá nár gearradh na bairíní breaca seo; acht dá ndruidteá leo d'fheicfeá gur gearradh iad ina slisínibh fadaibh tiubhaibh agus go rabhadar réidh la seachadadh thart ag am tae. Maria í féin a ghearr iad.

Duine an-bheag go deo ab í Maria acht baí srón an-fhada agus smig an-fhada aici. Labhraíodh sí trína srón ábhairín, go deas séimh i gcónaí: "*Yes*, a stóir," agus "*No*, a stóir." Chuirtí fios uirthi i gcónaí nuair a bhíodh easaontas idir na mná fá dtubánaibh agus d'éiríodh léi déanamh síocháin i gcónaí. Lá amháin dúirt an mhátrún léi:

"Maria, is bean cheann réitigh chruthanta thú!"

Agus chuala an bhean tís tánaistigh agus beirt dena mnáibh ón choiste stiúrtha an moladh. Agus bhíodh *Ginger Mooney*[1] de shíor ag rá nach réiteodh lasan n-óinseach a rabh cúram na n-iarann uirthi murach Maria. Baí cion a chroí ag cách ar Maria.

Shuífidís na mná chun tae ag a sé a chlog agus d'fhéadfadh sí imeacht léi roimh a seacht. Ó Dhroichead na Dothra gosan *Pillar,*[2] fiche nóiméad; Ón *Pillar* go Droim Conrach, fiche nóiméad; agus fiche nóiméad la ceannach rudaí. Bheadh sí ann réna hocht. Tarraing sí amach a sparán gona ghreamánaibh airgid agus léigh arís na focail: *A Present from Belfast*. Baí sí an-tógtha lasan sparán sin óir cheannaigh Joe é dhi chúig bliana ó shin nuair a chuaigh seisean agus Alphy go Béal Feirste ar turas Luan Cincíse. Istigh isa sparán bádar dhá leathchoróin agus cúpla pingin. Bheadh chúig scilling fágtha aici tar éis íoctha asan turas tram. Nach aoibhinn an oíche a chaithfidís in éineacht a chéile agus na páistí ar fad ag gabháil fhoinn! Acht amháin baí súil aici nach dtiocadh Joe abhaile agus é ar meisce. Ba mhór an t-athrú air nuair a bhíodh braon ar bith ar bord aige.

D'iarr sé go minic uirthi cur fúithi in aontíos leo; acht bheadh sí isa bhealach orthu dar léi (cé go rabh bean Joe an-chineálta léi) agus baí sí dulta i dtaithí ar shaol na neachtlainne. Ba dhuine maith é Joe. Do thugadh sí aire dhó agus do Alphy freisin tráth; agus deireadh Joe go minic:

"Mo Mhama is eadh mo Mhama acht is í Maria m'fhíor-mháthair."

I ndiaidh chliseadh pósta a mhuintire féin fuaireadar na buachaillí an bpost sin i neachtlann *Dublin by Lamplight* di, agus taitin sé léi. Do bhíodh drochmheas aici ar Phrotastúnaibh acht anois meas gur dhaoine an-lách iad, sách ciúin agus stuama, acht daoine an-deas la beith i do chónaí leo. Anuas ar sin baí a plandaí aici isa tigh ghloine agus taitin sé léi tabhairt aire dhóibh. Baí raithneach dheas aici agus céir-phlandaí agus, nuair a thagadh duine ar bith ar cuairt chuici, thugadh sí slapar nó dhó ón ghrianán dó. An t-aon rud nach dtaitníodh léi, na sleachta as an Bhíobhla a léití ag ceann spríce na siúlóidí; acht ba an-deas go deo an bhean tíos sin la caitheamh léi, ba ghalánta an dóigh aici.

Nuair a dúirt an cócaire léi go rabh gach aon ní réidh chuaigh sí i seomra na mban agus tosaigh ag tarraingt an chloig mhóir. I gceann cúpla nóiméad tosaíodar na mná ag tuidheacht ina mbeirteannaibh agus ina triúraibh agus iad ag cuimilt a lámh galach lana gcótaí beaga agus ag tarraingt a muinchillí anuas ara ríthe dearga galacha. Suíodar chun boird fo chomhair a mugaí móra ar líon an óinseach la tae te iad, é measctha la bainne agus la siúcra i gceaintínibh ollmhóraibh cheanna féin. Dein Maria maoirseacht ar dháileadh an bhairín breac cinntiú go bhfuair gach bean a ceithre chanta. Insíodh go leor scéalta grinn agus deineadh neart gáire la linn an bhéile. Dúirt Lizzie

Fleming go rabh an fháinne i ndán do Maria agus, in ainneoin a liacht Oíche Shamhna eile a dúirt Fleming sin, b'éigean do Maria dhéanamh gáire agus rá nach rabh fear ná fáinne uaithi; agus nuair a dhein sí gáire lonraíodar a súile breacghlasa agus breacliatha la cotadh díomách agus ba bheag nár bhuail barr a sróine la bar a smige. Ansin ardaigh Ginger Mooney a muga tae agus mol ól sláinte Maria fad a bhuaileadar na mná eile a muga aran dtábla, agus dúirt gur trua nach rabh pórtar ann. Agus dein Maria gáire arís gur druid barr a sróine la barr a smige agus croith a corp beag bídeach mar thuig sí gur la dea-mhian a rinne Mooney sin, má bhí meon bhean an daoscair féin inti ar ndóigh.

Acht nach Maria a bhí sásta nuair a bhí a dtae caite agna mnáibh agus nuair a thosaigh an cócaire agus an óinseach ag glanadh na mbord! Chuaigh sí ina seomra beag agus, ar chuimhneamh dhi gur mhaidin Aifrinn í an mhaidin arna mhárach, bog lámh an aláraim óna seacht a chlog gona sé a chlog. Ansin bain a sciorta oibre agus a bróga tí dhi agus leath an sciorta ab fhearr aici aran leaba, agus leag a bróga galánta fo bhun na leapan. Athraigh a blús freisin agus, ar sheasamh os comhair an scátháin di, breathnaigh go ceanúil aran chorp bheag bhídeach a ghléas sí go mion minic. In ainneoin na mblianta meas gur chorp deas slachtmhar í.

Nuair a chuaigh sí amach bádar na sráideanna ag glioscarnach la báisteach agus baí sí buíoch dá seanchóta donn báistí. Baí an tram lán agus b'éigean di suí aran stól mbeag ag bun an charráiste, sa chaoi gur tug a haghaidhe arna daoine go léir, agus bádar a cosa ag teagmháil ar éigean lasan n-urlár. Socraigh sí ina haigne féin na rudaí a dhéanfadh sí, agus meabhraigh gurbh fhearr go mór é beith neamhspleách agus t'airgead féin i do phóca agat. Baí súil aici go mbeadh oíche shuairc acu. Baí sí cinnte dhe go mbeadh acht ach níor thig léi cur asa cionn nach rabh Alphy agus Joe ag labhairt lana chéile. Bádar ag titim amach de shíor lana chéile anois acht nuair a bhádar ina mbuachaillibh bádar an-mhór lana chéile: acht sin mar a ghabhas an saol.

Tuirling sí den tram agan Stuaic agus snigh chun cinn go gasta trésan slua. Chuaigh i siopa cáca *Downes* acht baí an siopa chomh lán la daoine gurbh fhada gur freastalaíodh uirthi. Ceannaigh dosaen cístí éagsúla aon phingine, agus fág an siopa fo dheireadh fo ualach mála móir. Ansin machnaigh ar céard eile a cheannódh: ba mhaith léi ceannach rud éigean gleoite. Ní mó ná go mbeidís neart úll agus cnónna acu. Níor léir di céard ba chóir di ceannach, agus cáca an t-aon rud a rith léi. Cáca rísíní a thogair sí ara cheannach acha ní bhíodh dóthain reoán almóinne ar cháca rísíní siopa Downes agus chuaigh anonn go siopa ar Shráin Énrí dá dheasca. Caith go leor ama ag dóbartaíl agus fiafraigh an bhean óg ghalánta laistiar den chuntar, ar léir gur cuir Máire isteach uirthi, fiafraigh dhi ar cháca bainise ar mhian léi ceannach. Las grua Maria leis sin agus dein sí meangadh gáire lasan mbean n-óg; acht fan cuma stuama uirthi siúd, gur gearr sí canta tiubh den cháca rísíní fo dheireadh is fo dheoidh, fill clúdach páipéir air agus dúirt:

> "Dhá scilling agus ceithre pingine más é do thoil é."

Shíl sí go gcaithfeadh fanacht ina seasamh aran tram go Droim Conrach mar ba chosúil nár thug duine ar bith dena firibh ógaibh fo deara í acht dein seanfhear uasal áit di. Ba fhear coimpléascach é agus baí hata crua donn á chaitheamh aige; baí aghaidh leathan dhearg agus baí croiméal breacliath aige. Meas Maria go rabh cuma an choirnéil aran duine uasal agus smaoinigh ar mhéad a dhea-bhéasa i gcomparáid lasna fir óga nach ndearnadar acht stánadh díreach rompu. Tosaigh an fear uasal ag caint léi fo Oíche Shamhna agus fon aimsir fhliuch. Fiafraigh an rabh an mála lán la sócamais dona gasúribh agus dúirt gur cheart do ghasúribh baint sult asan tsaol agus iad óg. Aontaigh Maria leis agus deonnaigh cor-sméideadh cinn modhúla dhó. Baí sé an-deas léi agus gabh sí buíochas leis, gur umhlaigh dhó ag tuirlingt den tram di ag Droichead na Canálach, agus umhlaigh seisean dise, cuir a lámh ina hata agus dein meangadh lách gáire, agus ag dul suas na sraithe tithe dhi, lana ceann beag bídeach cromtha fon bháisteach, smaoinigh sí ara éasca is atá sé aithint duine uasail, go fiú nuair a bhíos sé súgach.

“Ó, seo Maria! a dúradar na huile dhaoine ar thuidheacht i dteach Joe dhi. Baí Joe ann, é tagtha abhaile ó chúrsaibh gnó, agus bádar éadaí Domhnaigh arna páistibh go léir. Bádar beirt chailíní mhóra béil dorais i láthair agus bádar na cluichí ar siúl. Tug Maria an mála cístí don bhuachaill ba shine, Alphy, chun a roinnte, agus dúirt *Mrs Donnelly* gur dheas uaithi tabhairt mála cístí chomh mór sin, agus cuir iallach arna páistí go léir gabháil buíochais léi:

“Go rabh maith agat, Maria.”

Acht dúirt Maria gur thug rud éigean speisialta léi do phapa agus do mhama, rud éigean a thaitneodh leo go cinnte, agus tosaigh ag cuardach a cáca rísíní. Cuardaigh mála Downes agus ansin pócaí a cóta báistí agus ansin an seastán hataí acht níor aimsigh in áit ar bith é. Ansin fiafraigh dena páistibh uile ar ith aon díobh é, trí bhotún - ar ndóigh – acht dúirt gach aon mhalrach nár ith agus baí an chuma orthu nár thaitin sé leo ithe cácaí más é go gcuirfí goid ina leith ansin. Baí a réiteach féin ag gach aon duine aran mhistéir agus dúirt Mrs Donnelly gur léir gur fhág sí é ina diaidh aran tram. Ar chuimin mhéad an trí chéile a chuir an fear uasal lasan gcroiméal mbreacliath uirthi, dearg Maria la teann náire agus bambairne agus díomá. Ba bheag nár bhris an gol uirthi mar gheall ar theip a bronntanais gan choinne agus mar gheall aran dá scilling agus cheithre phingin a chaith sí la fána.

Dúirt Joe gur chuma é áfach agus tug uirthi suí síos cois na tine. Baí sé an-chineálta léi. Eachtraigh gach a tharla san oifig di agus inis di freagra deisbhéalach a thug sé don bhainisteoir. Níor thuig Maria cad ina thaobh go rabh Joe sna trithibh ag gáire fon fhreagra a thug sé acht dúirt nár móide ná go rabh an bainisteoir an-tiarnúil mar dhuine. Dúirt Joe nach rabh aon dochar ann acht tuiscint do bheith air, gur dhuine gnaíúil acht gan tuidheacht in aghaidh an tsnáithe air. Seinn Mrs Donnelly an bpianó dona páistibh agus damhsaíodar siúd agus canadar. Ansin seachadadar an bheirt chailíní bhéal dorais na cnónna. Níor fhéad duine ar bith tuidheacht arna cnóirí agus baí Joe ag éirí cantalach nach mór, agus fiafraigh conas a cheapadar go mbrisfeadh Maria cnónna gan chnóire. Acht dúirt Maria nár thaitníodar cnónna léi agus iarr orthu gan a mbuaireamh ina taobh. Ansin fiafraigh Joe dhi an dtógfadh sí buidéal leanna duibh agus dúirt Mrs Donnelly go rabh pórtfhíon sa tigh freisin dá mba fhearr léi sin. Dúirt Maria go mba fhear léi nach n-iarraidís uirthi ól ní ar bith: acht ní éistfeadh Joe la heiteach.

Géill Maria dhó agus suíodar cois na tine ag caint fon tseansaol agus síl Maria labhairt ar son Alphy. Acht scread Joe go dtreascródh Dia é dá labhraíodh sé focal lana dheartháir go deo arís agus dúirt Maria go rabh aiféala uirthi gur tharraing an scéal anuas. Dúirt Mrs Donnelly lana fear gur mhór an náire dhó labhairt fona chuid fola féin mar sin acht séan Joe a dheartháir agus dóbair gur bris imreas amach mar gheall air. Dúirt Joe nach ligfeadh don fheirg breith bua air ar son na hoíche a bhaí inti agus iarr ara mhnaoi oscailt tuillidh pórtair. Eagraíodar an bheirt chailíní bhéal dorais roinnt cluichí Oíche Shamhna agus ba ghearr go rabh meidhir sa chuideachta arís. Gliondar na malrach agus dea-ghiúmar Joe agus a mhná, cuir sé aoibhneas ar Maria. Cuireadar an bheirt chailíní bhéal dorais plátaí beaga aran dtábla agus cuireadar dallóg arna páistí, gur giollaíodar gusan mbord iad. Fuair páiste amháin an leabhar urnaí agus fuaireadar an triúr eile an n-uisce; agus nuair a fuair cailín amháin dena cáilínibh bhéal dorais, nuair a fuair an bhfáinne, croith Mrs Donnelly a méar lasan gcailín ndeargtha mar a bheth ag rá: Ó, nach agamsa atá a fhios![3] Ní shásódh iad ansin acht cur púicín ar Maria agus a giollacht gosan dtábla féachaint céard a gheobhadh sí; agus, fad a bhádar ag cur an phúicín uirthi, baí sí ag briseadh a croí ag gáire, gur druid barr a sróine la bun a smige.

Giollaíodar gosan dtábla í agus gach aon duine ag gáire agus ag magadh, gur sín sí a lámh san n-aer faoi mar a dúradh léi déanamh. Corraigh sí a lámh thall agus abhus san n-aer gur tuirling anuas ar cheann dena fochupánaibh. Mothaigh ábhar bog fliuch[4] fá méaraibh agus b’iontas léi nár labhair aon duine agus nár bhain a púicín di. Lean tost ar feadh cúpla soicind; agus ansin baí cambús agus

radadh cogarnaí ann. Dúirt duine éigean rud éigean fon ghairdín, agus sa deireadh dúirt Mrs Donnelly rud éigean an-chrosta la cailín amháin dena cailínibh bhéal dorais agus ordaigh a chaitheamh amach láithreach bonn: nár shúgradh é sin. Tuig Maria nach ndearnadh i gceart é an babhta sin agus chaithfeadh sí a dhéanamh arís dá dheasca sin: agus an uair seo fuair sí an leabhar urnaí.

Ansin seinn Mrs Donnelly port *Miss McCloud* dona páistibh agus áitigh Joe ar Maria glacthadh gloine fíona. Ba ghearr go rabhadar go léir spleodrach go leor arís agus dúirt Mrs Donnelly go dtéadh Maria sna mná rialta sula mbeth an bhliain thart mar go bhfuair sí an leabhar urnaí. Níor fhaca Maria Joe riamh chomh cineálta sin léi is a bhaí an oíche sin: baí sé chomh lán la caint shuáilceach agus la cuimhní deasa. Dúirt sí gur caitheadar go léir go han-mhaith ar fad léi.

Sa deireadh tosaigh tuirse agus suan ag tuidheacht arna páistí, gur impigh Joe de Maria rá amhráin big sula n-imíodh sí, ceann dena seanamhránaibh. Dúirt Mrs Donnelly “abair, lado thoil, Maria!” agus mar sin b’éigean do Maria éirigh agus seasamh la hais an phianó. Iarr Mrs Donnelly arna malrachaibh fanacht ina dtost do éisteacht la hamhrán Maria. Seinn sí an dtús go ndúirt “Anois, Maria!”, agus las Maria go bun na gcluas agus tosaigh ag gabháil fhoinn i nguth íseal creathánach. Can *I Dreampt that I Dwell*,[5] agus nuair a tháinig aran dara véarsa, can arís:

> *Baí brionglóid agam go rabhas i mo chónaí i bpálás álainn*
> *agus seirbhísí go deimhin is daoir ag freastal orm*
> *agus thar gach aon duine eile ‘tháinig fo fhraitheacha an tí sin*
> *gur mise is mó a rabh mórtas as agus dóchas ann.*
> *A’s is a’m a bháodar na táinte airgid*
> *agus sean-shloinne maorga a’m mór la rá,*
> *acht an rud is mó a thaitin liom sa bhrionglóid,*
> *gur domsa i gcónaí a rabh agat grá*

Níor thriall duine ar bith cur in iúl a botúin di áfach; agus nuair a chríochnaigh sí a hamhrán ba mhór an maoithneachas a bhaí ar Joe. Dúirt sé nach rabh a shárú aran tseanaimsir agus nach rabh a shárú ar cheol sean-*Balfe* bocht dar leisean, cuma céard a deiridís doíni eile; agus níor aimsigh sé an rud a bhí á lorg aige la méad na deora a tháinig ina shúil, agus b’éigean dó iarradh ara bhean inseacht dó cá rabh an corcscriú.

1 ***Ginger Mooney:*** An Mhaonach Rua. Ón fhocal ‘maoin’. Duine saibhir nó duine a bhfuil cion ag daoinibh air is ciall lasan sloinne ‘Ó Maonaigh’ mar sin!

2 **an *Pillar*:** Colún Nelson. Cuaille mór eibhir a tógadh i gcuimhne an Tiarna Horatio Nelson ar Shráid Uí Chonaill (Sackville Street ab ainm di agan am). An Túr Solais a sheasas ina áit anois. Séideadh san n-aer é la buama i Márta 1966, nach mór caoga bliain tar éis Éirí Amach na Cásca.

3 **leabhar urnaí... an fháinne:** sa chloiche seo, is é is ciall lasan leabhar urnaí, gairm rialta. Is é is ciall la huisce, saol fada nó imeacht thar sáile nó an dá rud. Pósadh is ciall lasan bhfáinne.

4 **ábhar bog fliuch:** an chré. Bás is ciall léi.

5 ***I Dreampt that I Dwelt:*** Ária cháiliúil ón cheoldráma *The Bohemian Girl* la Michael William Balfe, arbh Éirinneach é.